

An Bhruiséil, 25 Márta 2026
(OR. en)

7705/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0030 (COD)

CODIF 12
CODEC 539
SEMENCES 8

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Márta 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 128 final
Ábhar:	Togra leasaithe le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha (códú)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an togra ón gCoimisiún maidir le códú dá dtagraítear san ábhar (COM(2026) 128 final - 2024/0030 (COD) agus Iarscríbhinní 1 go 4).

Iarrtar ar na toscaireachtaí a mbarúlacha ar an togra maidir le códú a sheoladh faoin Aoine, an 8 Bealtaine 2026, chuig na seoltaí seo a leanas:

Codification@consilium.europa.eu AGUS sj-codification@ec.europa.eu

Tarraingítear aird na dtoscaireachtaí ar an Treoir Phraiticiúil maidir le Códú Reachtaíochta (doc. 14722/14 + COR1).

Faoi iamh: COM(2026) 128 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.3.2026
COM(2026) 128 final

2024/0030 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharr
táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha (códú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. Ar an 6 Feabhra 2024, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena ndéanfaí códú ar Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha¹.
2. Ag féachaint do na leasuithe arna ghlacadh maidir leis an togra dá dtagraítear i bpointe 1, tá an Coimisiún tar éis cinneadh a dhéanamh, togra leasaithe a thíolaic, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) CFAE, chun códú a dhéanamh ar an Cinneadh i dtrácht.
3. Is iad seo a leanas na hathruithe a rinneadh sa togra leasaithe seo, i gcomparáid leis an togra dá dtagraítear i bpointe 1:
 - (a) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.”;
 - (b) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo Cinneadh (AE) 2025/1228 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2025 lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar i bPoblacht na Moldóive ar bharrá táirgthe síl plandaí farae agus ar choibhéis síl plandaí farae a tháirgtear i bPoblacht na Moldóive, agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar san Úcráin ar bharrá táirgthe síl biatais agus barrá táirgthe síl plandaí ola agus ar choibhéis síl biatais agus síl plandaí ola a tháirgtear san Úcráin²;
 - (c) in Iarscríbhinn III, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

“Cinneadh (AE) 2025/1228 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/1228, 20.6.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1228/oj>)”.
4. Tá téacs iomlán an togra leasaithe i gcomhair códúcháin i gceangal leis seo chun go bhféadfar é a léamh agus a scrúdú go héasca.

¹ COIM (2024)53 críochnaitheach 6.2.2024.

² IO L, 2025/1228, 20.6.2025, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1228/oj>.

Togra leasaithe le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síl agus maidir le coibhéis síl arna tháirgeadh i dtríú tíortha (códú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,


Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa³,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:



(1) Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle⁴ a leasú go suntasach roinnt uaireanta⁵. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Cinneadh sin a chódú.



(2) Faoi choinníollacha áirithe, ba cheart a mheas go bhfuil cigireachtaí allamuigh a dhéantar ar bharrá táirgthe síl áirithe i dtríú tíortha áirithe a bheith coibhéiseach le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, ba cheart a mheas go bhfuil síol speiceas áirithe a tháirgtear sna tríú tíortha sin a bheith coibhéiseach le síol a tháirgtear i gcomhréir le dlí an Aontais.

³ IO C, C/2024/3386, 31.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/3386/oj>.

⁴ Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharrá táirgthe síolta agus maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2003/17(1)/oj)).

⁵ Féach Iarscríbhinn III.

↓ 2022/871 Aithris 2 (oiriúnaithe)

- (3) Tá coibhéis deonaithe do thríú tíortha áirithe trí bhrath ar chreat iltaobhach le haghaidh trádáil idirnáisiúnta síolta, eadhon Scéimeanna Síolta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta agus ar mhodhanna an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) nó, i gcás inarb iomchuí, rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta (AOSA) , ar rialacha iad atá coibhéiseach le modhanna de chuid ISTA. Rinne an Coimisiún measúnuithe reachtacha agus iniúchtaí reachtacha i gcuid de na tríú tíortha sin freisin chun a fhíorú an gcomhlíonann siad na ceanglais faoi dhlí an Aontais sula ndeonaítear coibhéis den chéad uair. Léiríonn tástáil agus tuairisciú bliantúil laistigh de chreat ECFE, ath-iniúchadh tréimhsiúil ar shaotharlanna le haghaidh chreidiúnú ISTA, chomh maith le cigearachtaí allamuigh oifigiúla i gcomhthéacs dhlí an Aontais, go dtugann na cigireachtaí allamuigh a dhéantar sna tríú tíortha sin na ráthaíochtaí céanna agus a thugtar do na cigireachtaí allamuigh a dhéanann na Ballstáit agus go bhfuil na ráthaíochtaí céanna ar fáil do shíol a tháirgtear agus a dheimhnítear sna tríú tíortha sin agus a thugtar do shíol a tháirgtear agus a dheimhnítear sna Ballstáit. Ba cheart a mheas go bhfuil na cigearachtaí allamuigh agus síolta a bheith coibhéiseach le cigearachtaí allamuigh agus síolta san Aontas.

↓ 2003/17/CE Aithris 7
(oiriúnaithe)

- (4) Is iomchuí go gcuimseofaí sa Chinneadh seo rialacha sonracha maidir le hathlipéadú agus le hathcheangal san Aontas .



↓ 2003/17/CE Aithris 8
(oiriúnaithe)

- (5) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le rialacha mionsonraithe maidir leis na tásca beachta atá le tabhairt ar an lipéad atá ar shíol deimhnithe a allmhairítear faoin gCinneadh seo, maidir le hoibleagáid le haghaidh síol, lena n-áirítear síol nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach, a mhargaítear san Aontas chun a chur in iúl an bhfuil an síol cóireáilte go ceimiceach nó an ndearnadh an cineál síl a ghéinmhodhnú . Sa todhchaí, ba cheart Iarscríbhinní an Chinnidh seo a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go bhfuil an síol arna allmhairiú faoi réir ceanglais atá coibhéiseach le haon rialacha nua a thabharfar isteach, go háirithe i gcás an tsíl nach bhfuil deimhnithe go críochnaitheach,

↓ 2005/834/CE Airt. 4

Airteagal 1

↓ 2018/1674 Airt. 1.1
(oiriúnaithe)

Cigireachtaí allamuigh a dhéanfar ar bharrá táirgthe síolta de chuid na speiceas a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a dhéanfar sna tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn sin, measfar iad a bheith coibhéiseach le cigireachtaí arna ndéanamh i gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE⁶, 66/402/CEE⁷, 2002/54/CE⁸,  2002/55/CE⁹  agus 2002/57/CE¹⁰ ón gComhairle ar choinníoll gur fíor a leanas ina dtaobh:

↓ 2005/834/CE Airt. 4

- (a) déanann na húdaráis a liostaítear in Iarscríbhinn I na cigireachtaí go hoifigiúil, nó tá siad faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás sin;
 - (b) sásaíonn na cigireachtaí na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II, pointe A.
-

↓ 2018/1674 Airt. 1.2

Airteagal 2

I dtaca le síolta na speiceas sin a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, a tháirgtear i dtíortha a liostaítear san Iarscríbhinn sin agus arna ndeimhniú go hoifigiúil ag na húdaráis a liostaítear san Iarscríbhinn chéanna, measfar iad a bheith coibhéiseach le síolta a shásaíonn Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE, ach na coinníollacha a leagtar síos i bpointe B d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo a shásamh.

⁶ Treoir 66/401/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol plandaí farae a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2298, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1966/401/oj>).

⁷ Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1966/402/oj>).

⁸ Treoir 2002/54/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol biatais a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/54/oj>).

⁹ Treoir 2002/55/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síol glasraí a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/55/oj>).

¹⁰ Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2002/57/oj>).

↓ 2003/17/CE

Airteagal 3

↓ 2018/1674 Airt. 1.3(a)
(oiriúnaithe)

1. I gcás ina ndéantar ‘athlipéadú agus athcheangal’ ar shíol coibhéiseach san Aontas , de réir bhrí Scéimeanna ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha atá i dTreoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE maidir le pacáistí arna dtáirgeadh san Aontas a athdhúnadh.

Beidh an chéad fhomhír gan dochar do na rialacha sin de chuid ECFE is infheidhme i leith oibríochtaí den chineál sin.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)

2. I gcás inar gá síol coibhéiseach a athlipéadú agus a athcheangal san Aontas , ní úsáidfear lipéid AE ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- (a) má dhéantar síol a tháirgtear sna Ballstáit agus síol den chineál céanna agus den chatagóir chéanna a tháirgtear i dtríú tíortha a chumasc chun an céatadán péactha a fheabhsú, ar choinníoll:
- gur cumasc aonchineálach é an cumasc, agus
 - go luaitear gach tír tháirgthe ar an lipéad; nó
-

↓ 2018/1674 Airt. 1.3(b)

- (b) maidir le pacáistí beaga CE de réir bhrí Threoir 66/401/CEE, Treoir 2002/54/CE nó Treoir 2002/55/CE.
-

↓

Airteagal 4

Aisghairtear Cinneadh 2003/17/CE.

Déanfar tagairtí don Cinneadh aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn IV.

↓ 2003/17/CE

Airteagal 5

↓ 2025/1228 Airt. 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

↓ 2003/17/CE (oiriúnaithe)
→₁ 2022/871 Airt. 1.1

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ☒ go dtí ☒ →₁ an 31 Nollaig 2029 ←.

Airteagal 6

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*